

P8_TC1-COD(2013)0451

Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 9 Iúil 2015 chun go nglacfaí Rialachán (AE) 2015/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos na huasleibhéil cheadaithe éilliúcháin radaighníomhaigh ar earraí bia agus ar ábhair bheatha i ndiaidh tionóisc núicléach nó i ndiaidh aon chás eile ina dtarlaíonn éigeandáil raideolaíoch. [Leasú 1. Tá feidhm ag an leasú seo ar fud an téacs.]

TÁ *PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH*,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach *ar Fheidhmiú an Aontais* Eorpaigh, agus go háirithe ~~Airteagal 31~~ *Airteagal 168(4)(b)* agus ~~Airteagal 32~~ *Airteagal 114* de, [Leasú 2]

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach, arna tharraingt suas tar éis tuairim a fháil ó ghrúpa daoine arna gceapadh ag an gCoiste Eolaíoch agus Teicniúil as measc saineolaithe eolaíochta sna Ballstáit¹,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta²,

Ag féachaint don tuairim ó Pharlaimint na hEorpa³, *Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach*⁴, [Leasú. 3]

¹ OJ C...leh..

² IO C ..., lch .

³ IO C ..., leh..

⁴ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 9 Iúil 2015 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus seasamh ón gComhairle an

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) I dTreoir ~~96/29/Euratom~~ **2013/59/Euratom**¹ ón gComhairle leagtar síos caighdeáin bhunúsacha sábháilteachta maidir le ~~lean sláinte oibrithe agus an phobail i geoitinne~~ cosaint ar chontúirtí a thig de *nochtadh do* radaíocht ianúcháin. [Leasú 4]
- (1a) *I gcomhréir le hAirteagal 168 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), ba cheart ardleibhéal cosanta do shláinte an duine a áirithiú agus beartais agus gníomhaíochtaí uile an Aontais á sainiú agus á gcur chun feidhme.* [Leasú 5]

¹ Treoir ~~96/29/Euratom~~ **2013/59/Euratom** ón gComhairle an 13 Bealtaine 1996 *Nollaig 2013* lena leagtar síos bunchaighdeáin sábháilteachta maidir le cosaint ~~maidir le cosaint sláinte oibrithe sláinte agus an phobail i geoitinne~~ ar na contúirtí a thig de radaíocht ianúcháin (*IO L 159, 29.6.1996, lch. 1.*), agus lena n-aisghairtear *Treoir 89/618/Euratom, Treoir 90/641/Euratom, Treoir 96/29/Euratom, Treoir 97/43/Euratom agus Treoir 2003/122/Euratom (IO L 13, 17.1.2014, lch. 1).*

(2) I ndiaidh na tionóisce ag stáisiún cumhachta núicléiche Shearnóbail an 26 Aibreán 1986, scaoileadh cainníochtaí móra d'ábhar radaighníomhach isteach san atmaisféar, rud a d'éilligh earraí bia agus ábhair bheatha i roinnt tíortha Eorpacha ar leibhéal a bhí suntasach ó thaobh na sláinte de, ***rud ba chúis le breoiteachtaí agus riochtaí sláinte ba bhagairt do shaol daoine. Is ann i gcónaí d'ardleibhéal éilliúcháin radaighníomhaigh fós inniu. Ós rud é go bhfuil aer, uisce, ithir agus fásra éillithe ag an ábhar radaighníomhach a scaoileadh***, glacadh bearta lena áirithiú nach dtabharfaí táirgí talmhaíochta áirithe isteach san Aontas ach amháin de réir na socruithe coiteanna ~~lena gcoimirceítear~~ ***chun go*** gcoimirceofaí sláinte an phobail agus nádúr aontaithe an mhargaidh á chothabháil agus sraontaí trádála á seachaint. [Leasú. 6]

(2a) ***Tá na Ballstáit freagrach as faireachán a dhéanamh ar na leibhéal a leagtar síos sa Rialachán seo a bheith á gcomhlíonadh, go háirithe trí mhaoirsiú a dhéanamh ar chaighdeáin sábháilteachta le haghaidh bia agus beatha. Déantar foráil le pointe (b) d'Airteagal 168(4) CFAE maidir le bearta comhchoiteanna a ghlacadh i réimse na tréidliachta, ar bearta iad arb é is cuspóir díreach dóibh sláinte an duine a chosaint. Sa bhreis air sin, déantar foráil le hAirteagal 114 CFAE maidir le leibhéal iomchuí comhchuibhithe chun a áirithiú gur féidir leis an margadh inmheánach oibriú go rianúil.*** [Leasú. 7]

- (2b) *Is fíric chruthaithe é go mbíonn éifeacht dhochrach agus dhíobhálach ag dáileoga níos airde de radaíocht ar chealla an choirp agus gur féidir le hailsí eascairt astu. [Leasú. 8]*
- (2c) *Tá sé tábhachtach tairiseacha ísle a leagan síos d'uasleibhéil cheadaithe éilliúcháin radaighníomhaigh i mbia chun go gcuirfí san áireamh an dáileog charnach níos airde arb é an bia éillithe a itear ar feadh tréimhse fhadaithe ama is cúis léi. [Leasú. 9]*
- (3) Leagtar síos i Rialachán (Euratom) Uimh. 3954/87 ón gComhairle¹, arna leasú le Rialachán (Euratom) Uimh. 2218/89 ón gComhairle², na huasleibhéil cheadaithe éilliúcháin radaighníomhaigh i ndiaidh tionóisc núicléach nó i ndiaidh aon chás eile ina dtarlaíonn éigeandáil raideolaíoch ar dócha go dtiocfaidh de nó gur tháinig de éilliú radaighníomhach suntasach bia agus beatha. Tá na huasleibhéil cheadaithe sin fós ag teacht leis an gcomhairle eolaíoch atá ar fáil go hidirnáisiúnta faoi láthair **agus ba cheart iad a athbhreithniú go tráthrialta agus a thabhairt cothrom le dáta chun an fhianaise eolaíoch nua a chur san áireamh. Rinneadh athbhreithniú ar na huasleibhéil cheadaithe a liostaítear in Iarscríbhinn I go hIarscríbhinn III agus leagtar amach iad i bhFoilseachán um Chosaint Raideolaíoch 105 an Choimisiúin Idirnáisiúnta. Go sonrach, tá siad bunaithe ar leibhéal tagartha de 1 mSv in aghaidh na bliana sa bhreis ar an dáileog aonair arna hionghabháil, leibhéal lena nglactar leis go bhfuil 10 % den bhia a dhéantar a thomhailt éillithe. [Leasú 10]**

¹ Rialachán (Euratom) Uimh. 3954/87 ón gComhairle an 22 Nollaig 1987 lena leagtar síos uasleibhéil cheadaithe éilliúcháin radaighníomhaigh ar earraí bia agus ar ábhair bheatha i ndiaidh tionóisc núicléach nó i ndiaidh aon chás eile ina dtarlaíonn éigeandáil raideolaíoch (IO L 371, 30.12.1987, lch. 11).

² Rialachán (Euratom) Uimh. 2218/89 ón gComhairle an 18 Iúil 1989 lena leasaítear Rialachán (Euratom) Uimh. 3954/1987 lena leagtar síos uasleibhéil cheadaithe éilliúcháin radaighníomhaigh ar earraí bia agus ar ábhair bheatha i ndiaidh tionóisc núicléach nó i ndiaidh aon chás eile ina dtarlaíonn éigeandáil raideolaíoch (IO L 211, 22.7.1989, lch. 1).

(4) I ndiaidh na timpiste ag stáisiún núicléach Fukushima an 11 Márta 2011, cuireadh in iúl don Choimisiún go raibh an leibhéal radanúicléidí i dtáirgí áirithe bia de thionscnamh na Seapáine thar na leibhéil gníomhaíochta ~~gníomhaíochta~~ *tairsí* i mbia is infheidhme sa tSeapáin *le haghaidh bia*. D'fhéadfadh sé gur bagairt don tsláinte phoiblí agus do shláinte ainmhithe san Aontas an t-éilliúchán sin agus dá bhrí sin glacadh bearta lenar forchuireadh coinníollacha speisialta lena rialaítear allmhairiú beatha agus bia de thionscnamh na Seapáine nó a choinsínítear aisti, i gcomhréir leis an tuairim ón mBuainchoiste um an Slabhra Bia agus um Shláinte Ainmhithe. *Ba cheart bearta a chur i bhfeidhm freisin chun faireachán a dhéanamh ar thomhailt táirgí bia ó thíortha eile a ndearna radachur ó thimpiste núicléach i dtír eile difear dóibh, agus chun an riosca a ghabhann leis an tomhailt sin a íoslaghdú. [Leasú 11]*

(5) Is gá córas a bhunú a ligfidh don ~~Chomhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach~~ *Aontas*, i ndiaidh tionóisc núicléach nó i ndiaidh aon chás eile ina dtarlaíonn éigeandáil raideolaíoch ar dócha go leanfaidh, nó gur lean, éilliúchán suntasach radaighníomhach as, chun uasleibhéil cheadaithe éilliúcháin radaighníomhaigh a bhunú chun an pobal a chosaint *ardleibhéal cosanta sláinte poiblí a áirithiú. [Leasú 12]*

- (6) Ba cheart go mbeadh feidhm ag na huasleibhéil cheadaithe éilliúcháin radaighníomhaigh maidir le bia agus beatha de thionscnamh an Aontais nó a allmharaítear ó thríú tíortha de réir shuíomh agus imthosca na timpiste núicléiche nó na héigeandála raideolaí, **agus éifeacht na radaíochta nádúrtha agus carnaí mar a théann sí suas an slabhra bia á cur san áireamh. Ba cheart athbhreithnithe tráthrialta ar na leibhéil sin a bheith i bhfeidhm. [Leasú 13]**
- (7) Tá an Coimisiún le cur ar an eolas faoi thionóisc núicléach nó faoi leibhéil arda neamhghnácha radaighníomhaíochta de réir Chinneadh 87/600/Euratom ón gComhairle¹, nó faoi Choinbhinsiún na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach an 26 Meán Fómhair 1986 maidir le fógra luath a thabhairt i gcás tionóisc núicléach.
- (8) Á chur san áireamh go bhféadfadh éagsúlachtaí suntasacha a bheith ar réimeanna bia naíonán le linn na chéad tréimhse sé mhí den saol agus chun lamháil a bheith ann d'éiginnteachtaí i meitibileacht naíonán le linn an dara sé mhí den saol, is tairbheach fad a chur le huasleibhéil cheadaithe ísle a chur i bhfeidhm le haghaidh bianna do naíonáin go dtí iomlán an chéad 12 mhí d'aois. **Ba cheart go mbeadh feidhm ag na huasleibhéil cheadaithe ísle maidir le bianna do mhná torracha agus do mhná a bhíonn ag cothú ar an gcíoch. [Leasú 14]**

¹ Cinneadh 87/600/Euratom ón gComhairle an 14 Nollaig 1987 maidir leis na socrúithe Comhphobail chun faisnéis a mhalartú go luath i gcás éigeandáil raideolaíoch (IO L 371, 30.12.1987, lch. 76).

- (9) Chun glacadh na n-uasleibhéal ceadaithe a éascú, go háirithe maidir le heolas eolaíoch, maidir le nósanna imeachta chun na huasleibhéil cheadaithe a bhunú agus maidir le dul chun cinn teicniúil ar an leibhéal idirnáisiúnta, ba cheart don Choimisiún comhairliúchán an Ghrúpa Saineolaithe dá dtagraítear in Airteagal 31 den Chonradh a chur san áireamh *togra nua a thíolacadh don Pharlaimint agus don Chomhairle chun na huasleibhéil cheadaithe a ghlacadh.* [Leasú 15]
- (9a) *Chun glacadh na n-uasleibhéal ceadaithe a éascú, ba cheart nósanna imeachta a thabhairt isteach chun go bhféadfar dul i gcomhairle go rialta leis na saineolaithe. Ba cheart don Choimisiún grúpa saineolaithe a bhunú ar bhonn critéir eolaíochta agus eiticíúla. Ba cheart don Choimisiún comhdhéanamh an ghrúpa agus dearbhuithe leasanna a chomhaltaí a phoibliú. Agus na huasleibhéil cheadaithe á n-oirúnú aige, ba cheart don Choimisiún freisin dul i gcomhairle le saineolaithe ó chomhlachtaí idirnáisiúnta i réimse na cosanta ar radaíocht.* [Leasú 16]
- (9b) *Ba cheart don ghrúpa saineolaithe meastachán a dhéanamh freisin ar éifeacht charnach éilliúcháin radaighníomhaigh.* [Leasú 17]

- (9c) *Ba cheart na huasleibhéil cheadaithe a phoibliú agus ba cheart athbhreithniú a dhéanamh orthu go rialta chun aird chuí a thabhairt ar an dul chun cinn eolaíochta is déanaí agus ar an gcomhairle eolaíochta is déanaí mar atá ar fáil go hidirnáisiúnta i láthair na huaire agus chun léiriú a dhéanamh ar an ngá atá ann muinín a thabhairt ar ais don phobal agus ardleibhéal cosanta a thabhairt don phobal, agus dibhéirseachtaí i gleachtas rialála idirnáisiúnta a sheachaint. [Leasú 18]*
- (10) Chun a áirithiú nach gcuirfear bia agus beatha a théann thar na huasleibhéil cheadaithe ar mhargadh ~~AE~~-an *Aontais*, ba cheart comhlíonadh na leibhéal sin a bheith faoi réir seiceálacha ~~iomchuí~~-*críochnúla ag na Ballstáit agus ag an gCoimisiún. Ba cheart pionóis i leith neamhchomhlíonadh a chur i bhfeidhm agus an pobal a chur ar an eolas dá réir sin. [Leasú 19]*
- (10a) *Na rialacha maidir le fíorú a dhéanamh ar chomhlíonadh na mbeart atá ceaptha rioscaí éilliúcháin do dhaoine nó d'ainmhithe a chosc, a dhíothú nó a laghdú go dtí leibhéal inghlactha, leagtar síos iad i Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹. [Leasú 20]*

¹ *Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le feidhmiú rialuithe oifigiúla chun fíorú chomhlíonadh an dlí beatha agus bia, rialacha sláinte ainmhithe agus leasa ainmhithe a áirithiú (IO L 165, 30.4.2004, lch. 1).*

- (11) Chun dálaí aonfhoirmeacha a áirithiú chun cur chun feidhme an Rialacháin seo maidir leis na huasleibhéil réamhbhunaithe cheadaithe a dhéanamh infheidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹.
- (12) Ba cheart an nós imeachta scrúdúcháin a úsáid chun na gníomhartha a ghlacadh lena ndéanfar infheidhme na huasleibhéil réamhbhunaithe cheadaithe d'éilliúchán radaighníomhach ar bhia agus beatha. *I gcás timpiste núicléach nó aon éigeandáil raideolaíoch eile, tá sé riachtanach mar sin féin aird chuí a thabhairt ar na himthosca agus ar na dálaí ar leith a bhfuil feidhm acu maidir le gach timpiste, agus, dá bhrí sin, nós imeachta a bhunú lena lamhálfar ísliú tapa a dhéanamh ar na huasleibhéil cheadaithe réamhbhunaithe sin, agus, más gá, uasleibhéil cheadaithe a thabhairt isteach do radanúiclíidí eile (go háirithe trítiam) a bhfuil baint acu leis an timpiste, d'fhonn an leibhéal is airde is féidir de chosaint phoiblí a áirithiú. Ba cheart an pobal a chur ar an eolas láithreach maidir leis na bearta agus maidir leis na huasleibhéil.*
[Leasú 21]

¹ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí chur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

- (12a) *Ba cheart go mbeadh de chúnamh ag an gCoimisiún an Buainchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha, arna bhunú le Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil eolas leordhóthanach ar chosaint raideolaíoch ag a n-ionadaithe atá ar an gcoiste. [Leasú 22]*
- (13) Ba cheart don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme atá infheidhme láithreach a ghlacadh más rud é, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo a bhaineann le héigeandálaí raideolaíocha áirithe ar dócha go dtiocfaidh díobh nó gur tháinig díobh éilliúchán radaighníomhach suntasach bia agus beatha, gur gá déanamh amhlaidh ar mhórchúiseanna práinne. *Ba cheart an pobal a chur ar an eolas láithreach faoi na bearta agus faoi na huasleibhéil. [Leasú 23]*
- (13a) *Ba cheart glacadh na n-uasleibhéal ceadaithe faoin Rialachán seo a bheith bunaithe ar na ceanglais cosanta do na grúpaí pobail is géibheannaí agus is soghonta, go háirithe leanaí agus daoine i limistéir gheografacha iargúlta nó iad siúd a chleachtann feirmeoireacht leorchothaitheach. Ba cheart go mbeadh na huasleibhéil cheadaithe mar a chéile don phobal go léir agus ba cheart iad a bheith bunaithe ar na leibhéil is ísle. [Leasú 24]*

¹ *Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail agus ceanglais ghinearálta dhlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta i dtaca le sábháilteacht bia (IO L 31, 1.2.2002, lch. 1).*

- (13b) *Nuair is riosca tromchúiseach é bia nó beatha de thionscnamh an Aontais, nó a allmhairítear ó thrú tíortha, do shláinte an duine nó do shláinte ainmhithe nó don chomhshaol, ba cheart don Choimisiún, trí bhúthín gníomhartha cur chun feidhme, bearta breise a ghlacadh i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 chun ardleibhéal cosanta a áirithiú maidir le sláinte an duine agus maidir le sláinte ainmhithe. Más féidir, ba cheart na huasteorainneacha ceadaithe is infheidhme agus na bearta éigeandála breise a leagan síos i rialachán cur chun feidhme aonair. [Leasú 25]*
- (13c) *Le linn dó gníomhartha cur chun feidhme a tharraingt suas nó a athbhreithniú, ba cheart don Choimisiún na himthosca seo a leanas a chur san áireamh go príomha: suíomh, nádúr agus raon feidhme na timpiste núicléiche nó aon chúis eile éigeandála raideolaíche; cineál agus raon feidhme na substaintí raideolaíocha a scaoiltear isteach san aer, san uisce nó san íthir, agus i mbia agus i mbeatha, cibé acu laistigh nó lasmuigh den Aontas; na rioscaí éilliúcháin raideolaíoch iarbhír nó a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le bia agus beatha agus na dáileoga radaíochta a thagann díobh sin; cineál agus cainníocht an bhia agus na beatha ar féidir leo margadh an Aontais a shroicheadh agus na huasleibhéil cheadaithe do bhia agus do bheatha éillithe i dtrú tíortha. [Leasú 26]*

- (13d) *I gcás timpiste núicléach nó éigeandáil raideolaíoch lena n-éilítear na huasleibhéil cheadaithe a chur i bhfeidhm, ba cheart don Choimisiún agus freisin do gach Ballstát an pobal a chur ar an eolas faoi na leibhéil atá i bhfeidhm. Thairis sin, ba cheart faisnéis a chur ar fáil don phobal freisin maidir le bia agus beatha ar dócha go ndéanfaidh siad tiúcháin níos láidre radaighníomhaíochta a charnadh. [Leasú 27]*
- (13e) *Ba cheart comhlíonadh na n-uasleibhéal ceadaithe a bheith faoi réir seiceálacha iomchuí, agus ba cheart pionóis a thabhairt isteach sa chás go ndéantar, d'aon ghnó, ábhair bia a sháraíonn na huasleibhéil cheadaithe éilliúcháin a onnmhairiú, a allmhairiú nó a dhíol, [Leasú 28]*

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leagtar síos leis an Rialachán seo na huasleibhéil cheadaithe éilliúcháin radaighníomhaigh de bhia mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I, ~~na huasleibhéil cheadaithe de mhion-bhia-ábhar mar a leagtar amach in iarscríbhinn II,~~ agus na huasleibhéil cheadaithe éilliúcháin radaighníomhaigh de bheatha mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III, ar nithe iad a fhéadfar a chur ar an margadh i ndiaidh timpiste núicléach nó aon chás eile d'éigeandáil raideolaíoch ar dócha go dtiocfaidh díobh nó gur tháinig díobh éilliúchán radaighníomhach suntasach bia agus beatha, agus na nósanna imeachta chun na huasleibhéil cheadaithe sin a dhéanamh infheidhme. **[Leasú 54]**

Airteagal 2
Sainmhíithe

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhíithe seo a leanas:

- (1) ciallaíonn "bia" aon substaint nó tairge, ~~bíodh sé nó sí próiseáilte, próiseáilte go páirteach nó neamhphróiseáilte a cheaptar lena n-ionghabháil ag daoine, nó a bhféadfaí a bheith ag súil go réasúnach go ndéanfadh daoine é nó í a ionghabháil, lena n-áirítear deoch, guma coganta agus aon substaint, lena n-áirítear uisce a ionchorpraítear sa bhia d'aon ghnó le linn a mhonaraithe, a ullmhaithe nó a chóireála; ní áirítear le 'bia': *mar a shainmhínítear in Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002;*~~
- (a) beatha;
- (b) ainmhíthe beo mura bhfuil siad ullmhaithe chun iad a chur ar an margadh lena dtomhailt ag an duine;
- (c) plandaí roimh a mbuaint;
- (d) táirge míochaine de réir bhí Airteagal 1(2) de Threoir 2001/83/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[†];

[†] Treoir 2001/83/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Samhain 2001 maidir le Cód an Chomhphobail i dtaca le táirgí míochaine atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine (IO L 311, 28.11.2001, lch. 67).

- (e) ~~táirgí cosmaideacha de réir bhí Airteagal 2(1) (a) de Rialachán (CE) Uimh.1223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹;~~
 - (f) ~~tabac agus táirgí tabac de réir bhrí Airteagal 1(4) de Threoir 2001/37/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²;~~
 - (g) ~~substaintí támhshuanacha nó síceatrópacha de réir bhrí Choinbhinsiún Aonair na Náisiún Aontaithe maidir le Drugaí Támhshuanacha, 1961, agus Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Substaintí Síceatrópacha, 1971;~~
 - (h) ~~iarmhair agus éilleáin. [Leasú 29]~~
- (2) ~~eiallaíonn "mionbhia" ábhar bia a mbaineann miontábhacht cothaithe leis agus arb ionann a mhéid agus cion beag de thomhaltas bia an phobail. [Leasú 55]~~

¹ ~~Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le táirgí cosmaideacha (IO L 342, 22.12.2009, lch. 59).~~

² ~~Treoir 2001/37/EC ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2001 maidir le comhfhogasú dhlíthe, rialachán agus fhorálacha riaracháin na mBallstát a bhaineann le monarú, tíolacadh agus díol táirgí tobac (IO L 194, 18.7.2001, lch. 26).~~

- (3) ciallaíonn "beatha" aon substaint nó táirge, ~~lena n-áirítear breiseáin, bídís próiseáilte, próiseáilte go páirteach nó neamhphróiseáilte, arna gceapadh mar chothú de bhéal le haghaidh ainmhithe~~ *mar a shainmhínítear in Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002; [Leasú 30]*
- (4) ciallaíonn "cur ar an margadh" sealbhú bia nó beatha chun críche díola, ~~lena n-áirítear tairiscint lena dhíol nó aon fhoirm eile aistrithe, cibé acu saor ó mhuirear nó nach ea, agus díol, dáileadh, agus foirmeacha eile aistrithe iad féin.~~ *oibríocht mar a shainmhínítear in Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002; [Leasú 31]*
- (4a) *ciallaíonn "ábhair a bhíonn i dteagmháil le bia/beatha" pacáistí agus ábhair eile atá beartaithe a bheith i dteagmháil le bia; [Leasú 32]*
- (4b) *ciallaíonn "staid éigeandála raideolaíche" imeacht neamhghnách lena ngabhann foinse radaíochta agus lena n-éilítear idirghabháil láithreach chun aon bhagairtí tromchúiseacha sláinte nó sábháilteachta, nó aon iarmhairtí dochracha don chaighdeán maireachtála, do mhaoin nó don chomhshaol a mhaolú, nó ar baol é a bhféadfadh na hiarmhairtí dochracha sin a bheith mar thoradh air. [Leasú 33]*

Airteagal 2a

Ní údarófar cleachtais arb é atá iontu earraí bia ina bhfuil tiúchain os cionn na dteorainneacha sin a cheadaítear leis na rialacha maidir le huasleibhéil cheadaithe éilliúcháin radaighníomhaigh i mbia agus i mbeatha a chumasc le hearraí bia neamhéillithe nó atá éillithe go híseal, ionas go bhfaighfear táirge a chomhlíonann na rialacha a leagtar síos sa Rialachán seo. [Leasú 34]

Airteagal 3

1. I gcás ina dtarlóidh sé – go háirithe de réir shocruithe an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach maidir le faisnéis a mhalartú go luath i gcás éigeandála raideolaíche nó faoi Choinbhinsiún na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach an 26 Meán Fómhair 1986 maidir le fógra luath a thabhairt i gcás tionóisce núicléiche – go bhfaighidh an Coimisiún faisnéis oifigiúil faoi thionóiscí nó faoi aon chás eile ina dtarlaíonn éigeandáil raideolaíoch, ~~lena dtugtar bunús gur dócha go sroichfear nó gur sroicheadh na huasleibhéil cheadaithe le haghaidh bia, mionbhia nó beatha~~ ***a éillíonn bia agus beatha***, glacfaidh sé, ***a luaithe is féidir, gníomh*** cur chun feidhme ***lena leagtar síos na huasleibhéil cheadaithe radaighníomhaíochta a bhféadfadh sé nár sháraigh siad na cinn sin na huasleibhéil cheadaithe a arna leagan síos sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo***. Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 5(2). [Leasú 35]

- 1a. Déanfar na huasleibhéil cheadaithe a phoibliú agus a athbhreithniú go rialta chun aird chuí a thabhairt ar an dul chun cinn eolaíochta agus ar an gcomhairle eolaíochta is déanaí atá ar fáil go hidirnáisiúnta ag an am ábhartha agus chun léiriú a dhéanamh ar an ngá atá ann muinín a thabhairt don phobal agus chun ardleibhéal cosanta a thabhairt don phobal agus dibhéirseachtaí i gcleachtais rialála idirnáisiúnta a sheachaint rud a chuireann leibhéil níos airde cosanta ar fáil. [Leasú 36]*
2. Ar mhórfhorais práinne a bhaineann le himthosca na tionóisce núicléiche nó na héigeandála raideolaíche, glacfaidh an Coimisiún ~~Rialachán~~ **Rialachán gníomh** cur chun feidhme is infheidhme láithreach i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 5(3). [Leasú 37]

3. Le linn na ~~dréacht~~**gníomhartha gníomh** cur chun feidhme dá dtagraítear *i* mír 1 agus i mír 2 den Airteagal seo a ullmhú agus a phlé leis an gcoiste dá dtagraítear in Airteagal 5, cuirfidh an Coimisiún san áireamh na caighdeáin bhunúsacha a leagtar síos i gcomhréir le **Treoir 2013/59/Euratom**, lena n-áirítear an prionsabal go gcoinneofar gach nochtadh chomh híseal agus is indéanta le réasún, ag cur **san áireamh, mar thosaíocht**, cosaint shláinte an phobail i gcoitinne agus **ag breithniú** tosca eacnamaíocha agus sochaíocha ~~eur-~~**geuntas, go háirithe na codanna den tsochaí is soghonta. Le linn na gníomhartha sin a tharraingt suas, cabhróidh grúpa neamhspleách saineolaithe sláinte poiblí leis an gCoimisiún ar bhonn a n-eolais agus a saineolais i gcosaint raideolaíoch agus i sábháilteacht bia (“grúpa saineolaithe”). Déanfaidh an Coimisiún comhdhéanamh an ghrúpa saineolaithe agus dearbhuithe leasanna a chomhaltaí a phoibliú. [Leasú 38]**

3a. *Athbhreithneofar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 i gcomhréir le cineál agus raon feidhme na radaíochta chomh minic is gá maidir leis an modh ina bhforbraíonn an t-éilliúchán. Geallfaidh an Coimisiún an chéad athbhreithniú a dhéanamh laistigh de mhí amháin ar a dhéanaí tar éis tionóisc núicléach nó éigeandáil raideolaíoch chun na huasleibhéil radaighníomhaíochta cheadaithe agus liosta na radanúicléidí a mhodhnú, más gá. [Leasú 39]*

Airteagal 4

1. A luaithe a ghlacfaidh an Coimisiún ~~gníomh Rialachán~~ cur chun feidhme lena dtugtar uasleibhéil infheidhme cheadaithe, ní chuirfear bia, ná beatha nach gcomhlíonann na huasleibhéil cheadaithe ar an margadh. [Leasú 40]

Cuirfidh an Coimisiún réimeas dlíteanais núicléach ar bun chun díriú ar ábhair inní na mBallstát uile dá bhféadfadh tionóisc núicléach difear a dhéanamh. Déanfar foráil sa réimeas sin maidir le cúiteamh iomchuí i gcás tionóiscí núicléacha. [Leasú 41]

Chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm, measfar go mbeidh bia, nó beatha a allmhairítear ó thríú tíortha curtha ar an margadh más rud é, ar chríoch chustaim an Aontais, ~~go rachaidh siad~~ **go rachaidh sé** faoi nós imeachta custaim seachas nós imeachta idirthurais.

[Leasú 42]

Déanfaidh na Ballstáit faireachán ar chomhlíonadh na n-uasleibhéal ceadaithe éilliúcháin radaighníomhaigh laistigh dá gcríocha. Chun na críche sin, cothabhálfaidh na Ballstáit córas rialuithe oifigiúla i gcás earraí bia agus ábhar beatha agus rachaidh siad i mbun gníomhaíochtaí eile de réir mar is iomchuí sna himthosca, lena n-áirítear cumarsáid phoiblí faoi shábháilteacht agus rioscaí bia agus beatha, i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002. [Leasú 43]

2. Déanfaidh gach Ballstát gach faisnéis a bhaineann le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a sholáthar don Choimisiún, go háirithe faisnéis maidir leis an méid seo a leanas ~~casanna ina dtarlaíonn neamhchomhlíonadh na n-uasleibhéal ceadaithe éilliúcháin radaighníomhaigh~~ :

(a) *sceidealú rialta seiceálacha maidir leis na huasleibhéil cheadaithe ar a chríoch náisiúnta;*

(b) *cásanna neamhchomhlíonta na n-uasleibhéal ceadaithe;*

(c) *na seirbhísí inniúla náisiúnta atá i bhfeighil na rialuithe a shainaitheint.*

Déanfaidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ~~in iúl~~ *sholáthar* do na Ballstáit eile *san am is giorra is féidir*.

Tabharfar fógra i dtaobh casanna neamhchomhlíonta na n-uasleibhéal ceadaithe tríd an gcóras mear-rabhaidh dá dtagraítear i Rialachán (CE) Uimh 178/2002.

Forchuirfidh an Coimisiún pionóis ar na Ballstáit a mhainníonn, iad féin, pionóis a fhorchur i dtaobh beatha a chur ar an margadh nó beatha a onnmhairiú a sháraíonn na huasleibhéil cheadaithe éilliúcháin. [Leasú 44]

3. *Déanfaidh na Ballstáit faisnéis a sholáthar don phobal, go príomha trí sheirbhís ar líne, i dtaobh na n-uasleibhéal cheadaithe, staideanna éigeandála agus cásanna neamhchomhlíonta na n-uasleibhéal cheadaithe. Tabharfar fógra don phobal freisin i dtaobh earraí bia a bhféadfadh tiúchain níos airde radaighníomhaíochta a bheith carntha iontu, agus, go háirithe, i dtaobh an chineáil táirge, an bhranda, na tíre tionscnaimh agus dháta na hanailíse. [Leasú 45]*
4. *Ba cheart go gcuirfeadh na huasleibhéil cheadaithe a leagtar síos sna hiarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo san áireamh an éifeacht a ghabhann le meath páirteach iseatóp radaighníomhach le linn sheilfré earraí bia. Ag brath ar an gcineál éilliúcháin, mar shampla éilliúchán le hiseatóip iaidín, ba cheart faireachán leanúnach a dhéanamh ar radaighníomhaíocht earraí bia leasaithe. [Leasú 46]*

5. *Faoin 31 Márta 2017, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le hoiriúnacht sásra chun cúiteamh a thabhairt d'fheirmeoirí a mbeidh éilliú déanta ar a n-earraí bia go feadh méid atá os cionn na n-uasleibhéal ceadaithe éilliúcháin radaighníomhaigh, rud a fhágann, dá bhrí sin, nach féidir na hearraí sin a chur ar an margadh. Bunófar sásra den sórt sin ar an bprionsabal gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as. Más iomchuí, beidh togra reachtach lena mbunófar an sásra sin ag gabháil leis an tuarascáil. [Leasú 47]*

Airteagal 4a

1. *Cuirfidh an Coimisiún faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, faoin 31 Márta 2017, tuarascáil faoi ábharthacht na n-uasleibhéal ceadaithe éilliúcháin radaighníomhaigh a leagtar amach sna hlarscríbhinní.*
2. *Cumasóidh an tuarascáil an fíorú i dtaobh an áirithíonn na huasleibhéil cheadaithe éilliúcháin radaighníomhaigh go n-urramaítear an teorainn ar an dáileog éifeachtach do nochtadh poiblí de 1 mSv/bliain agus beidh mar thoradh air dáileoga a bheidh íseal go leor faoin leibhéal tagartha 10 mGy a mholann EDS don riaradh iaidín cobhsaí do ghrúpaí atá soghonta ar bhealach ar leith.*

3. *Breithneofar sa tuarascáil an féidir athbhreithniú a dhéanamh ar an aicmiú radanúicléidí agus ar cheart tritiam agus carbón 14 a áireamh sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo. Le linn measúnú a dhéanamh ar na huasleibhéil cheadaithe sin, díreoidh an tuarascáil ar chosaint na ngrúpaí daonra is soghonta, go háirithe leanaí, agus déanfar scrúdú inti i dtaobh an mbeadh sé oiriúnach uasleibhéil cheadaithe a shocrú do gach catagóir den daonra ar an mbonn sin. [Leasú 48]*

Airteagal 5

1. Beidh de chúnamh ag an gCoimisiún an Buanchoiste um *Plandaí, Ainmhithe, Bia Slabhra agus Sláinte Ainmhithe agus Beatha*, arna bhunú le hAirteagal 58(1) de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[†]. Measfar gur coiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 a bheidh sa choiste sin. [Leasú 49]

[†] Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail ghinearálta agus ceanglais ghinearálta an dlí bia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta i gcúrsaí sábháilteachta bia (IO L 31, 1.2.2002, lch. 1).

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
3. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 i dteannta Airteagal 5 de.

Airteagal 6

Chun a áirithiú go gcuirfidh na huasleibhéil cheadaithe a leagtar síos *sna* hiarscríbhinní *a ghabhann leis an Rialachán seo* aon sonraí tábhachtacha nua nó breise a bheidh ar fáil san áireamh, go háirithe maidir leis an eolas eolaíoch *is déanaí*, cuirfidh an Coimisiún *faoi bhráid na Parlaiminte agus na Comhairle tuarascáil a mbeidh ag gabháil leis, i gcás inar gá, togra chun na hiarscríbhinní sin a oiriúnú agus, más gá, liosta na radanúicléidí a athbhreithniú*, tar éis dul i gcomhairle le grúpa na saineolaithe dá dtagraítear in Airteagal 31 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Admhach 3(3). [Leasú 50]

Airteagal 6a

I gcás tionóisc núicléach nó cúis eile éigeandála raideolaíoch as a leanfaidh éilliúchán bia agus beatha, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina dtabharfar mionsonraí na mbeart arna nglacadh i gcomhréir leis an Rialachán seo agus an fhaisnéis a thabharfar i bhfógra de bhun Airteagal 4(2). [Leasú 51]

Airteagal 7

Déantar Rialachán (Euratom) Uimh. 3954/87, arna leasú le Rialachán (Euratom) Uimh. 2218/1989 ón gComhairle, le Rialachán (Euratom) Uimh. 944/89¹ ón gCoimisiún agus le Rialachán (Euratom) Uimh. 770/90² ón gCoimisiún a aisghairm.

Déanfar tagairtí do na Rialacháin aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil atá in Iarscríbhinn V.

¹ Rialachán (Euratom) Uimh. 944/89 ón gCoimisiún an 12 Aibreán 1989 lena leagtar síos ~~leibhéil~~ uasleibhéil cheadaithe éilliúcháin radaighníomhaigh ar mhionearraí bia agus i ndiaidh tionóisc núicléach nó i ndiaidh aon chás eile ina dtarlaíonn éigeandáil raideolaíoch (IO L 371, 30.12.1987, lch. 11).

² Rialachán (Euratom) Uimh. 770/90 ón gCoimisiún an 29 Márta 1990 lena leagtar síos **uasleibhéil** cheadaithe éilliúcháin radaighníomhaigh ar earraí bia agus ar ábhair bheatha i ndiaidh tionóisc núicléach nó i ndiaidh aon chás eile ina dtarlaíonn éigeandáil raideolaíoch (IO L 83, 30.3.1990, lch. 78).

Airteagal 8

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in/sa ...,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán

IARSCRÍBHINN I

UASLEIBHÉIL CHEADAITHE ÉILLIÚCHÁIN RADAIGHNÍOMHAIGH I gCÁS BIA

Is mar a leanas a bheidh na huasleibhéal cheadaithe a chuirfear i bhfeidhm maidir le bia:

	Bia (Bq/kg) ¹			
	Bia naíon ²	Táirgí déiríochta ³	Bia eile seachas mionbhia ⁴	Bia leachtach ⁵
Iseatóip strointiam, go háirithe Sr-90	75	125	750	125
Iseatóip iaidín, go háirithe I-131	150	500	2 000	500
Iseatóip (Alfa-astaíochta) d' eilimintí plútóiniam agus trasplútóiniam, go háirithe Pu-239, Am-241	1	20	80	20
Na núicléidí uile eile a bhfuil leathré is faide ná 10 lá acu, go háirithe Cs-134, Cs-137 ⁶	400	1 000	1 250	1 000

¹ Ríomhtar an leibhéal is infheidhme maidir le táirgí tiubhaithe nó triomaithe ar bhonn an táirge athdhéanta atá réidh lena úsáid. Féadfaidh na Ballstáit moltaí a dhéanamh faoi na coinníollacha caolúcháin chun a áirithiú go n-urramófar na huasleibhéal cheadaithe a leagtar síos sa Rialachán seo.

² Sainmhínítear bia naíon mar na hearraí bia sin atá ceaptha chun naíonáin a bheathú le linn an chéad dá mhí dhéag d'aois, a chomhlíonann ceanglais cothaithe na catagóire sin daoine agus atá ar díol le miondíol i bpacáistí arna sainaitheint agus arna lipéadú go soiléir faoi cheann de na hainmneacha seo a leanas: “naí-ullmhóid”, “ullmhóid leantach” “naíbhainne” agus “bainne leantach”, i gcomhréir le hAirteagal 11 agus le hAirteagal 12 de Threoir 2006/141/CE ón gCoimisiún.

³ Sainmhínítear táirgí déiríochta mar tháirgí a thagann faoi réim na gcód AC seo a leanas lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, aon choigeartuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh orthu níos deireanaí: 0401, 0402 (seachas 0402 29 11).

⁴ Leagtar amach mionbhia agus na leibhéal chomhfhreagracha atá le cur i bhfeidhm maidir leo in Iarscríbhinn II.

⁵ Bia leachtach de réir mar a shainmhínítear i gceannteideal 2009 agus i gCaibidil 22 den ainmníocht chomhcheangailte. Déantar luachanna a ríomh trí thomhailt uisce buaire a chur san áireamh agus ba cheart na luachanna céanna a chur i bhfeidhm maidir le soláthairtí uisce óil.

⁶ Níl carbón 14, trítiam agus potaisiam 40 san áireamh sa ghrúpa seo.

IARSCRÍBHINN II

UASLEIBHÉIL CHEADAITHE ÉILLIÚCHÁIN RADAIGHNÍOMHAIGH I gCÁS MIONBHIA

1. Liosta mionbhia

Cód AC	Tuairise
0703 20 00	Gairleog (úr nó fuaraithe)
0709 59 50	Strufail (úr nó fuaraithe)
0709 99 40	Caprais (úr nó fuaraithe)
0711 90 70	Caprais (leasaithe go sealadach, ach neamhoiriúnach sa staid sin lena n-úsáid láithreach)
ex 0712 39 00	Strufail (triomaithe, iomlán, gearrtha, slisnithe, briste nó i bpúdar, ach nach bhfuil tuilleadh ullmhúcháin déanta orthu)
0714	Casabhach, ararút, sailéip, bliosáin ghréine, prátaí milse agus fréamhacha agus tiúbair chomhehosúla a bhfuil méid mór stáirse nó ionúiline iontu, úr nó triomaithe, bídis nó ná bídis slisnithe nó i bhfoirm millíní; laíon saig
0814 00 00	Craiceann torthaí citris nó mealbhacán (lena n-áirítear mealbhacáin uisce), úr, reoite, triomaithe nó leasaithe go sealadach faoi sháile, in uisce sulfair nó i dtuaslagáin leasaitheacha eile

0903 00 00	Maté
0904	Piobar den ghéineas <i>Piper</i>; torthaí triomaithe nó brúite nó meilte den ghéineas <i>Capsicum</i> nó den ghéineas <i>Pimenta</i>
0905 00 00	Fanaile
0906	Cainéal agus bláthanna an chrainn chainéil
0907 00 00	Clóibh (toradh iomlán, clóibh agus gais)
0908	Noitmig, maicis agus cardamaim
0909	Síolta ainise, réalt ainís, finéal, lus an choiré, cuimín nó cearbhas; caora aithil
0910	Sinséar, cróch, tuirmiric (curcuma), tím, duilleoga labhrais, curaí agus spíosraí eile
1106 20	Plúr, min agus púdar saig nó plúr, min nó fréamhacha nó tiúbar faoi cheannteideal Uimh. 0714
1108 14 00	Stáirse casabhaigh (cassava)
1210	Buaireíní leannlusanna, úra nó triomaithe, bídis nó ná bídis meilte, púdraithe nó i bhfoirm millíní; lúpailín
1211	Plandaí agus codanna de phlandaí (lena n-áirítear síolta agus torthaí) de chineál a úsáidtear go príomha i geumhradóireacht, i geógaisíocht nó chun críoch feithicídí nó fuingicídí nó chun críoch nithe comhchosúla, úra nó triomaithe, cibé acu gearrtha, brúite nó púdraithe nó gan a bheith

1301	Lac; gumaí nádúrtha, roisíní nádúrtha, gumroisíní nádúrtha agus olaróisíní nádúrtha (mar shampla balsaim)
1302	Súlaigh agus úisc ghlasrúla; substaintí peicteacha, peicteanáití agus peicteáití; agar-agar agus gumalachtaí agus tiúsóirí eile, bídís nó ná bídís modhnaithe, arna ndíorthú ó tháirgí glasra
1504	Saillte agus olaí agus a geodáin, ó éisc nó ó mhamaigh mhuirí, bídís nó ná bídís scagtha, ach nach bhfuil modhnú ceimiceach déanta orthu
1604 31 00	Caibheár
1604 32 00	Ionadaigh caibheáir
1801 00 00	Pónairí cócó, iomlán nó briste, amh nó rósta
1802 00 00	Blaoscanna, mogail agus craicne cócó agus fuíoll eile cócó
1803	Leafaos cócó, bíodh sé díshailte nó ná bíodh

2003-90-10	Strufail (ullmhaithe nó leasaithe seachas le fínéagar nó le haigéad aicéiteach)
2006-00	Glasraí, torthaí, cnónna, craiceann torthaí agus codanna eile de phlandaí, leasaithe le siúcra (draenáilte, glacé nó criostalaithe)
2102	Giostaí (gníomhacha nó neamhghníomhacha); míocroorgánaigh aoncheallacha eile, marbh (ach gan vacsaíní faoi cheannteideal 3002 a áireamh); púdair ullmhaithe bÁCála
2936	Próivitimíní agus vitimíní, nádúrtha nó a atáirgtear trí shintéis (lena n-áirítear dlútháin nádúrtha), díorthaigh díobh a úsáidtear go príomha mar vitimíní, agus idirmheascáin de na nithe sin roimhe seo, bídís nó ná bídís in aon tuaslagóir
3301	Blátholaí (bídís nó ná bídís neamhtheirpéineach), lena n-áirítear eonearéití agus absalóidí; roisíneoidí; olaroisíní úsetha; tiúcháin bhlátholaí i saille, in olaí buana, i gcéaracha nó a leithéidí, a fuarthas trí ionbhláthú nó maothú; fotháirgí teirpéineacha í dhítheirpéiniú blátholaí; driogáití uiscí agus tuaslagáin uiscí blátholaí

2. Is iad na huasleibhéil cheadaithe a chuirfear i bhfeidhm maidir le mionbhia arna liostú i mír 1 na nithe seo a leanas:

	Bq/kg
Iseatóip strointiam go háirithe	7500
Iseatóip iaidín go háirithe I-131	20000
Iseatóip (Alfa-astaíochta) d' eilimintí plútóiniam agus trasphlútóiniam go háirithe	800
Na núicléidí uile eile ag a bhfuil leathré is faide ná 10 lá acu, go háirithe Cs-134, Cs-137 [†]	12500

[Leasú 57]

[†] Níl carbón 14, trítiam agus potaisiam 40 san áireamh sa ghrúpa seo.

IARSCRÍBHINN III
UASLEIBHÉIL CHEADAITHE ÉILLIÚCHÁIN RADAIGHNÍOMHAIGH
BEATHA

Is mar seo a leanas a bheidh na huasleibhéil cheadaithe a chuirfear i bhfeidhm i gcás chaeisiam-134 agus chaeisiam-137:

Ainmhí	Bq/kg ^{1, 2}
Muca	1 250
Éanlaith chlóis, uain, laonna	2 500
Eile	5 000

¹ Tá na leibhéil seo beartaithe chun rannchuidiú le hurramú na n-uasleibhéal cheadaithe i gcás bia; ní ráthaíonn siad leo féin an t-urramú sin i ngach imthoisc agus ní laghdaíonn siad an ceanglas maidir le faireachán a dhéanamh ar na leibhéil éilliúcháin i dtáirgí ainmhithe atá beartaithe mar bhia don duine.

² Tá feidhm ag na leibhéil seo maidir le beatha atá réidh le tomhailt.

IARSCRÍBHINN IV

RIALACHÁIN AISGHAIRTHE

Rialachán (Euratom) Uimh. 3954/87 ón gComhairle	(IO L 371, 30.12.1987, lch. 11)
Rialachán (Euratom) Uimh. 2218/89 ón gComhairle	(IO L 211, 22.7.1989, lch. 1)
Rialachán (Euratom) Uimh. 944/89 ón gComhairle	(IO L 101, 13.4.1989, lch. 17)
Rialachán (Euratom) Uimh. 770/90 ón gComhairle	(IO L 83, 30.3.1990, lch. 78)

IARSCRÍBHINN V

TÁBLA COMHGHAOIL

Rialachán (Euratom) Uimh. 3954/87	Rialachán (Euratom) Uimh. 944/89	Rialachán (Euratom) Uimh. 770/90	An Rialachán seo
Airteagal 1(1)	Airteagal 1		Airteagal 1
			Airteagal 1
Airteagal 1(2)			Airteagal 2
Airteagal 2(1)			Airteagal 3(1) agus Airteagal 3(2)
Airteagal 2(2)			-
Airteagal 3(1)			-
Airteagal 3(2)			Airteagal 3(3)
Airteagal 3(3) agus (4)			-
Airteagal 4			-
Airteagal 5(1)			Airteagal 6
Airteagal 5(2)			-
Airteagal 6(1)			Airteagal 4(1)
Airteagal 6(2)			Airteagal 4(2)
		Airteagal 2	
		Airteagal 1	Iarscríbhinn III
---	---	---	Airteagal 5
Airteagal 7			-
---	---	---	Airteagal 7
Airteagal 8			Airteagal 8
Iarscríbhinn			Iarscríbhinn I
	Iarscríbhinn		Iarscríbhinn II(1)
		Iarscríbhinn	Iarscríbhinn III
---	---	---	Iarscríbhinn IV
---	---	---	Iarscríbhinn V